Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2640

23.11.2023

# CINNEADH (AE) 2023/2640 ÓN gCOMHAIRLE

## an 20 Samhain 2023

## maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh: creat modheolaíochta comparáideach)

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú.

(3) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún ([3]) a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
H. CREVITS

---

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus d'eilimintí foirgneamh (IO L 81, 21.3.2012, lch. 18).

DRÉACHT

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. ...**

**an …**

**lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (‘Comhaontú LEE’), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d’fhoirgnimh agus d’eilimintí foirgneamh ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Mar gheall ar shainiúlachtaí stoc foirgneamh aonfhoirmeach na hÍoslainne, ar stoc é atá sách nua, comhaontaíodh díolúine shealadach choinníollach ó Threoir 2010/31/AE maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur i bhfeidhm, de bhun Chinneadh Uimh. 135/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn IV (Fuinneamh) a ghabhann le Comhaontú LEE. Tá feidhm ag an díolúine sin maidir le Treoir 2010/31/AE mar a bhí i bhfeidhm roimh an leasú le Treoir (AE) 2018/844 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018. Níor cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 maidir leis an Íoslainn. Tá an díolúine sin teoranta go docht ó thaobh ama de agus níor cheart feidhm a bheith aici ach go dtí go dtiocfar ar chomhaontú maidir le hionchorprú Threoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 i gComhaontú LEE. Ba cheart a mheas go bhfuiltear tar éis teacht ar chomhaontú a luaithe a dhéanfar Treoir 2010/31/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/844 a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 17 (Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘17a. **32012 R 0244**: Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 ón gCoimisiún an 16 Eanáir 2012 lena bhforlíontar Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh trí chreat modheolaíochta comparáideach a bhunú chun na leibhéil is fearr is féidir ó thaobh costais de a ríomh maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d’fhoirgnimh agus d’eilimintí foirgneamh (IO L 81, 21.3.2012, lch. 18).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear forálacha an Rialacháin leis an oiriúnú seo a leanas:

Ní bheidh feidhm ag an Rialachán maidir leis an Íoslainn.’.

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 244/2012 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 81, 21.3.2012, lch. 18.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an …, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *, nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 135/2022 ó Chomhchoiste LEE an 29 Aibreán 2022 ([2]), cibé acu is déanaí.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ….

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Chomhchoiste LEE* | *Na Rúnaithe* |
| *An tUachtarán* | *Ar Chomhchoiste LEE* |

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

([2]) IO L 246, 22.9.2022, lch. 87.